



Uimhir Charthannachta: 20052508

CHY 15308

BUNREACT FEACTAS

ÓG-GHLUAISEACT GHAEILGE

- Faomhaithe ag Coiste Stiúrtha Feachtas
27 Iúil 2015
- Athbhreithnithe ag Cruinniú Chinn
Bhlíana 2 Iúil 2016
- Faomhaithe ag Cruinniú Chinn
Bhlíana 10 Meitheamh 2017
- Athbhreithnithe agus faomhaithe ag Cruinniú
Chinn Bhlíana, 16 Meitheamh 2018
- Athbhreithnithe agus faomhaithe 20 Aibreán
2020 (le cead ón gcruinniú chinn bhliana 2019)

Uimhir Charthanachta: 20052508

Uimhir chláráithe cánach: 4734511F

Feidhm agus Comhdhéanamh

1. FEACHTAS ÓG- GHLUAISEACHT GAELIGE IS AINM DON ÓG-EAGRAS.

2. Is iad cuspóirí an eagrais:

- a) An Ghaeilge a chur chun cinn go sóisialta i measc daoine óga.
- b) Cuidiú le forbairt phearsanta is sóisialta an duine óig.
- c) Cuidiú chun chomhlúadar Gaelach a thógáil.

Is iad seo a leanas misean, Fís agus Luachanna an eagrais:

Misean:

An Ghaeilge a chur chun cinn go sóisialta i measc daoine óga agus tacú lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta trí chlár fiúntach, taitneamhach agus dúshlánach a chur ar fáil i gcomhpháirt leis na daoine óga.

Fís:

Go spreagtar daoine óga, trí rannpháirteachas in imeachtaí Feachtas, bheith féinmhuiníneach, gníomhach agus bródúil as an nGaeilge agus go mbeidh pobal na Gaeilge agus sochaí na Rre i gcoiSnne níos saibhre dá bharr.

Luachanna:

Tá na luachanna seo ag croílár na hidirghníomhaíochta agus na hoibre a dhéanann muid ar bhonn laethúil in Feachtas:

An Ghaeilge

Is eagrais Gaeilge muid. Is í an Ghaeilge an teanga a úsáidtear i ngach gné dár gcuid oibre.

Daoine deonach

Is eagrais deonach muid faoi sSúir choiste dheonaigh. Dá bharr sin ní dhéantar aon bhrabús. Caitear gach airgead a thagann isteach ar chur i bhfeidhm an chlár oibre.

Rannpháirteachas

Tá rannpháirteachas deonach daoine óga ag croílár obair óige Feachtas. Lorgaíonn muid i gcónaí go nglacann daoine óga páirt ghníomhach in imeachtaí agus cúrsaí na heagraíochta ar a gconlán féin. Roghnaíonn siad bheith páirteach chun bualadh le cairde nua, spraoi a bheith acu, a scíth a ligean agus scileanna nua a Toghlaím – agus gach rud trí mheán na Gaeilge.

Cumhachtú

Oibríonn muid go dian chun go bhfoghlaimoidh na daoine óga, oibrithe deonacha agus foireann Feachtas scileanna nua ionas go mbeidh siad in ann Sonchar dearfach a imirt ar scoil, ina bpobail féin, agus i sochaí na nGaeilge agus sochaí na Rre i gcoiSnne. Anuas air sin, tá sé mar aidhm againn tuiscint a thabhairt ar chearta teanga agus cur ar chumas na ndaoine óga páirt gníomhach a bheith acu i saol na nGaeilge.

Meas

Léirítear meas ar gach duine óg agus gach ball foirne in Feachtas. Tá meas ar gach duine aonair agus a gcuid láidreachtaí, suimeanna agus pearsantachtaí ar leith. Déanann foireann Feachtas gach iarracht ionracas, dearcadh dearfach, comhoibriú, féinmheas agus meas ar a chéile a léiriú ina gcuid oibre.

Forbairt

Leagann muid béim faoi leith ar Torbairt phearsanta agus shóisialta an duine óig in Feachtas. Cuirtear clár fiúntach, taitneamhach agus dúshlánach ar fáil i gcomhpháirt leis na daoine óga, a bhfuil sé de sprioc aige scileanna agus eolas a sheachadadh ar bhonn céimnitheach.

Timpeallacht shábháilte chompórdach

Déantar gach uile iarracht Smpeallacht shábháilte chompórdach a chur ar fáil chun sábháilteacht Tisiciúil agus mhothúchánach daoine óga a chosaint. Tá muid Sománta do chosaint, do shláinte agus d'Tolláine an duine óig a ghlacann páirt i gcláir agus in imeachtaí na heagraíochta.

Comhionannas

Cuireann muid an comhionannas chun cinn inár gcuid oibre agus léirítear an meas céanna ar gach duine óg. Bíonn Feachtas ag dréim le heispéireas fiúntach a chur ar fáil do dhaoine óga ó gach cúlra sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch.

Ilchineáltacht

Tá gach duine óg éagsúil óna chéile, le mianta, tuairimí agus riachtanais éagsúla. Aithnítear é seo in Feachtas agus déantar ceiliúradh air. Cuireann muid fáilte roimh gach duine óg a bhfuil suim acu sa Ghaeilge.

3. Is mar a leanas atá comheagraíocht FEACHTAS.

- a) Na daoine óga atá ina mbaill
- b) Na ceannairí
- c) Clubanna Óige
- d) Coiste Ceannais
- e) Cruinniú Chinnbhliana

a) Baill

4. Is gnáthbhall d'FHEACHTAS aon duine óg idir 10 agus 18 (nó atá fós ar an meánscoil) atá cláraithe tríd an gClub Óige áiSúil leis an gCoiste Ceannais nó atá cláraithe mar Bhall Aonarach leis an gCoiste Ceannais.
5. Íocfaidh gach ball óg táille ballraíochta lena chlub féin an chéad oíche a thagann sé/sí go dR an club gach bhliain. Clúdóidh sé sin iad do bhliain reatha an chlub i.e. ó Mheán Fómhair go Lúnasa. I gcás Baill Aonaracha íocfaidh siad an táille leis an gCoiste Ceannais. Beidh an táille ballraíochta nó cleamhnachta bliantúil sin le hóc ag gach chlub leis an oifig ceannais. Íocfaidh gach ball óg chlub €2.00 an oíche leis an gclub gach oíche a thagann siad chomh maith. Gheobhaidh gach ball cárta ballraíochta.

6. Tá sé de dhualgas ar gach ball an Ghaeilge a úsáid de réir a gcumas ag gach imeacht.
7. Tig leis an gCoiste Ceannais ballraíocht a bhaint de bhall ar bith a tharraingíonn droch-chlú ar an eagrais.

b) Clubanna Óige Feachtas

8. Ní mór cúigear gnáthbhall ar a laghad a bheith i gClub Óige.
9. Tá sSúradh an Chlub Óige faoi chúram na nGnáthbhall le treoir ó na Ceannairí Ógra, an Príomh cheannaire, agus Bainisteoir Feachtas
10. Ní mór do Chlubanna Óige Feachtas gach gnó inmheánach a dhéanamh trí Ghaeilge.
11. Dualgais an Chlub Óige:
 - A. Seisiún chlub rialta (ar a laghad uair sa mhí) a eagrú, seachas i rith an tSamhraidh.
 - B. Treoir dhlísteanach ón gCoiste Ceannais a chomhlíonadh
 - C. Cuspóirí Feachtas a chomhlíonadh.
 - D. Cruinniú cinnbhliana a reachtáil uair sa bhliain chun
 - I. Léirmheas a dhéanamh ar obair na bliana atá thart.
 - II. Plean oibre le haghaidh na bliana dar gcionn a réiteach.
 - III. Glacadh le cuntas airgead bliantúil an Chlub.
 - IV. Cuntas airgid bliantúil a chur ar fáil don oifig.
 - E. Polasaí an eagrais a chur i bhfeidhm maidir le cúram leanaí.
12. Tá sé de dhualgas ar gach chlub óige FEACHTAS príomhcheannaire agus ar a laghad beirt ceannairí eile a bheith acu. Ní mór do gach ceannaire a bheith os cionn 18 bliana d'aois.
13. Níl sé ceadaithe ag aon chlub óige Feachtas clárú mar aonad le heagrais eile seachas Feachtas.
14. Tá sé de dhualgas ag ceannairí na gclubanna óige bualadh le chéile le haghaidh cruinnithe ar a laghad uair sa bhliain, ar bhonn áisúil.

c) Coiste Ceannais.

15. Beidh an Coiste Ceannais freagrach as sSúradh an eagrais ó Chruinniú Chinn Bhliana go Cruinniú Chinn Bhliana. Is iad feidhmeanna speisialta an Choiste Ceannais:

- i. Foireann a cheapadh
- ii. Socruithe na cruinnithe a chur i bhfeidhm
- iii. CinnSú go gcuirfear polasaithe an eagrais i bhfeidhm.
- iv. Freagracht a ghlacadh as Airgeadas an eagrais,
- v. Coimhlint leasa a sheachaint.

16. Ceapfaidh an Cruinniú Chinnbhliana an Coiste Ceannais. Ar an gCoiste Ceannais beidh:

- a) Cathaoirleach atá tofa ag an gCruinniú Chinn Bhliana
- b) Daoine a ainmneoidh an Cathaoirleach thar ceann an Choiste Ceannais agus a bhfuil glactha ag an gCruinniú leo.
- c) Ar a laghad beirt ceannairí ógra atá tofa ag na ceannairí ógra.
- d) Leas Chathaoirleach
- e) Rúnaí
- f) Cisteoir
- g) Oifigeach Sainordaithe Cúram Leanaí

*Féach Aguisín 1 le haghaidh cur síos ar rólanna na nOifigí

17. I gcás folúntais ar an gCoiste Ceannais, beidh cumhacht comhthoghadh ag an gCoiste Ceannais.

18. Uair amháin gach dhá mhí ar a laghad, a thionólfar cruinnithe an Choiste Ceannais. Ní mór leath an Choiste Ceannais a bheith i láthair chun go mbeidh cinnR an chruinnithe dleathach.

19. Toghfaidh an Coiste Ceannais Fochoiste Foirne ag an gcéad chruinniú tar éis an Chruinniú Chinn Bhliana. Deileáilfidh an Coiste Foirne le gach gné den Tostaíocht. Is iad seo a leanas a bheidh ar an gCoiste Foirne:

- I. Cathaoirleach an Choiste Ceannais
- II. Duine nó beirt eile le hainmniú

20. Is iad seo a leanas feidhmeanna an Chruinniú Chinn Bhliana:

- A. Staid FEACHTAS a scrúdú agus a mheas
- B. Forbairt na bliana atá le teacht a phlé
- C. Rúin a mheas agus moltaí a chur ar aghaidh

- D. Cuntais Iniúchta a scrúdú agus a cheadú
- E. Iniúcháirí a cheapadh
- F. Coiste nua a cheapadh
- G. Moltaí cruinnithe na gceannairí a phlé

21. Is iad a bheidh i dteideal freastal ar an gCruinniú Chinn Bhliana le cead vótála:

- i. An Coiste Ceannais
- ii. Beirt Ionadaithe ó ghach chlub Óige. Ceannairí nó baill.

22. Tá cead ag níos mó ná beirt ó chlub freastail ar an gCruinniú ach ní bheidh cead vótála ach ag an mbeirt tofa.

23. Tig le ceannairí seasamh don Choiste Ceannais agus don Chathaoir ach iad a bheith ainmnithe ag a gcomhghleacaithe

24. Vóta singil inaistrithe a bheidh in úsáid i dtoghcháin.

25. I gcás rúin a bhaineann le leasaithe bunreachta ní mór aontú dhá dtrian den Chruinniú Chinn Bhliana a Táil ar dtús sula gcuirtear i bhfeidhm iad.

26. Is ag an gCruinniú Chinn Bhliana amháin a dhéanfar athruithe ar an mBunrecht.

27. Is é an Coiste Ceannais údarás mínithe an Bhunreachta.

D. Na Clásáil Chaighdeánacha

28. Ioncaim agus Maoin.

Ní chuirfear ioncam agus maoin an eagrais cibé foinse as a dSocfaidh siad, chun feidhme ach amháin chun príomh chuspóirí an eagrais mar atá siad leagtha amach sa bhunrecht seo a chur chun cinn, agus ní dhéanfar aon chuid díobh, go díreach nó go hindíreach, a íoc i modh díbhinne nó bónais, ná ar dóiglí ar bith eile i modh brabúis le comhaltaí an eagrais ná le haon duine áirithe díobh ná ní aistrefar amhlaidh iad.

Ar choinníoll nach gcuirfidh aon ní dá bhfuil anseo cosc le híocaíocht a dhéanamh, de mheon macánta, as luach saothair réasúnta, cóir le haon Oifigeach nó Seirbhíseach de chuid an eagrais nó le haon chomhalta den eagrais i gcomaoin aon seirbhísí a rinneadh iarbhír don eagrais ná cosc le hús a íoc nach mó ná 5% sa bhliain ar airgead a tugadh ar iasacht nó cíos cóir réasúnta as áitreabh a forléasadh nó a ligeadh chun an eagrais ag comhalta ar bith ach ar dhóigh nach gceapfar aon chomhalta de choiste an eagrais chuig aon oifig thuarastail san eagrais ná aon oifig san eagrais a n-íoctar aisS le táillí, agus nach dtabharfaidh an eagrais aon luach saothair ná sochar eile in airgead d'aon chomhalta den eagrais sin, ach amháin chun go n-aisíocfar caiteachas as póca agus ús

de réir an ráta réamhluaithe ar airgead a tugadh as iasacht nó cíós cóir réasúnta ar áitribh a forléasadh nó a ligeadh chun an eagrais.

Ar choinníoll nach mbainfidh an Toráil is déanaí atá luaite roimhe seo le haon íocaíocht a thabhairt d'aon chuideachta a bhféadfadh comhalta den eagrais bheith ina comhalta de, agus nach mbeidh ag an gcomhalta sin níos mó ná aon cheadú cuid amháin den chaipiteal agus nach mbeidh de cheangal ar an gcomhalta sin cuntas a thabhairt i dtaobh aon sciar brabús a gheobhaidh sé i leith aon íocaíochta den sort sin.

29. Scor an Eagrais

Más rud é ar an eagrais a Toirceannadh nó a dhíscáileadh go mbeidh maoin ar bith fágtha tar éis a fiacha agus a dliteanais go léir a shásamh, ní íocfar an céanna le comhaltaí an eagrais ná ní roinnfear eatarthu é, ach is amhlaidh a thabharfar nó a aistrefar é chuig insSSúidí carthanúil éigin eile ag a bhfuil cuspóirí de shamhail príomh chuspóirí an eagrais (agus a choisfidh dáileadh a hioncaim nó a n-ioncam nó a maoin ar a comhaltaí nó a gcomhaltaí an oiread céanna ar a laghad is a choisctear sin ar an eagrais faoi réir nó de bhua chlásail 28 de seo) an insSSúid nó na hinsSSúidí sin a bheith le cinneadh ag comhaltaí an eagrais tráth an díscáilte nó roimhe sin, agus mura féidir, agus sa mhéid nach féidir, éifeacht a thabhairt do na forálacha sin, le haghaidh cuspóirí carthanúil éigin.

30. Cuntais

- a. Coimeádfar cuntais Tírinneacha ar an airgead go léir a gheobhaidh an eagrais agus a chaithfidh sé agus beidh siad ar oscailt chun a scrúdaithe ag comhaltaí an eagrais agus ag na Coimisinéirí Ioncaim.
- b. Caithfidh buiséad bliana sealadach a bheith ann i mí Eanáir gach bliain i gcomhréir an t-eolas atá againn
- c. Caithfear buiséad a ullmhú le haghaidh Sonscnaimh sula ndéanfaidh an coiste iad a Taomhadh
- d. Caithfear taifead reatha a choimeád ar ioncam agus caiteachas na heagraíochta ar bhonn leanúnach.

31. Leasuithe

Ní cuirfear leis an mbunreacht seo agus ní dhéanfar aon athrú uirthi a thagann salach ar na dualgaisí is gá a chomhlíonadh leis an stádas carthanachta a choinneáil.

32. Comhlíonfar na coinníollacha reatha atá leagtha síos faoi stádas carthanachta an eagrais.

33. Nuair a leasaítear an Bunreacht seo, nó aon chuid de, cuirfear faoi bhráid an Rialálaí Carthanas é.